

3. Pobal & Cuimsiú Sóisialta

Tá spriocanna ardleibhéil an Téama don Chuimsiú Sóisialta arna aontú ag an LCDC ar an liosta thíos.

Chun cabhrú le Plean Gníomhaíochta a fhorbairt, cuir isteach tuairimí/gníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh, sa spás atá tugtha os comhair gach ceann de na Spriocanna Ardleibhéil ar an liosta.

Spriocanna ardleibhéil atá sonracha don Chuimsiú Sóisialta		Tuairimí / Moltaí
3.1 Díth Shóisialta	Feasacht a spreagadh maidir le saincheisteanna a bhaineann le díth shóisialta i gCiarraí agus freagra gníomhach, ilghnéitheach agus ilpholasaí a fhorbairt, i gcomhpháirt le daoine aonair, pobail agus gníomhaireachtaí.	
3.2 Oideachas	Deiseanna oideachais a sholáthar, trí choincheap na foghlama feadh an tsaoil, rochtain a fheabhsú, tacú le coinneáil post agus scileanna/oiliúint ábhartha le haghaidh deiseanna post atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.	
3.3 Dífhostaíocht	Teacht ar fhostaíocht ar ardchaighdeán do chuardaitheoirí poist, daoine atá neamhghníomhach go heacnamaíoch agus atá tearcfhostaithe.	
3.4 Leanáí & Daoine Óga	Torthaí níos fearr a fháil do leanáí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear, seachadadh níos éifeachtaí ar sheirbhísí agus deiseanna níos fearr, trí chomhoibriú leo agus leis na gníomhaíochtaí cuí.	
3.5 Daoine Scothaosta	Ciarraí a chur chun cinn mar chontae aoisbháúil agus an comhoibriú idir gníomhaireachtaí reachtúla agus eagraíochtaí pobail agus deonacha a neartú chun feabhas a chur ar shláinte, folláine, sábháilteacht agus rannpháirtíocht daoine scothaosta.	
3.6 Pobail ar an Imeall	Cúrsaí a athrú chun feabhais trí phróisis agus struchtúir rannpháirtíochta a fhorbairt a thugann isteach grúpaí imeallaithe i gCiarraí agus a thugann cumhacht dóibh féin.	
3.7 Daoine faoi mhíchumas	Timpeallacht a chruthú ina mbeidh deis ag daoine atá faoi mhíchumas intleachta nó fisiciúil, a bheidh rannpháirteach i bpobail agus na cearta céanna comhionanna acu lántairbhe a bhaint as a saol.	
3.8 Infreastruchtúr Sóisialta & Pobail	A chinntiú go dtabharfar tús áite d'infreastruchtúr sóisialta agus pobail atá bunaithe ar a gcuid riachtanas, chun pobail inbhuanaithe a chruthú agus chun gaol le háit a chothú do cheantair nua agus seanbhunaithe	

	araon ar fud an chontae.	
3.9 Athbheochan	Tacú le hathbheochan ceantar uirbeacha agus tuaithe, trí phleananna comhtháite a fhorbairt, acmhainní pobal a thógáil agus trí dhírú ar infheistíocht chun pobail bhríomhara inbhuanaithe a fhorbairt.	

Má tá sprioc tábachtach atá fágtha ar lár i do thuairim, luaigh anseo é, maraon le haon Tuairim/Gníomh a d'fhéadfaí a ghlacadh?